C/2026/3735

13.7.2026

Foilsiú iarratais ar chlárú de bhun Airteagal 15(4) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaiminna hEorpa agus ón gComhairle

(C/2026/3735)

Tar éis an fhoilsithe seo, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó údaráis tríú tír nó duine nádúrtha nó dlítheanach ag a bhfuil leas dlisteanach agus atá bunaithe nó a bhfuil cónaí air i dtríú tír, freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le táirgí talmhaíochta

‘Baldovská/Baldovská minerálna voda’

Uimh. AE: PDO-SK-03400 — 13.1.2025

1. **Ainmneacha**

‘Baldovská/Baldovská minerálna voda’

2. **Cineál an táisc gheografaigh:**

ATFC ☒ TGFC ☐

3. **Tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

An tSlóvaic

4. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta**

4.1. *Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an suíomh agus leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143*

22 — DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2201 — Uiscí, lena n-áirítear uiscí mianraí nádúrtha nó saorga agus uiscí aeraithe, nach bhfuil siúcra breise ná ábhar milsiúcháin eile curtha leo ná nach bhfuil blaistithe; oighear agus sneachta

2202 — Uiscí, lena n-áirítear uiscí mianraí agus uiscí aeraithe, a bhfuil siúcra breise nó ábhar milsiúcháin eile curtha leo nó atá blaistithe, agus deochanna neamhalcólacha eile, seachas súnna torthaí nó glasraí atá faoi cheannteideal 2009

2202 10 — Uiscí, lena n-áirítear uiscí mianraí agus uiscí aeraithe, a bhfuil siúcra breise nó ábhar milsiúcháin eile curtha leo nó ina bhfuil blaistithe

([1]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

4.2. *Tuairisc ar an táirge talmhaíochta lena mbaineann an t-ainm cláraithe*

Uisce mianraí nádúrtha nó blaistithe is ea 'Baldovská' nó 'Baldovská minerálna voda'. Tá sé an-mhianraithe, súilíneach, décharbónáitithe (décharbónáití cailciam maignéisiam) agus tá neart iarainn, maignéisiam agus cailciam ann. Tá sé fuar agus beagán aigéadach agus tá an comhdhéanamh seo a leanas aige:

Caitiain	**in mg/l**
Ca^{2+}	362
Na^{+}	62,5
Mg^{2+}	74,9
NH_4^{+}	0,67
Ainiain	**in mg/l**
HCO_3^{-}	1 366
SO_4^{2-}	176
NO_3^{-}	< 1
NO_2^{-}	< 0,01

Is féidir leis na luachanna iarbhír a bheith suas le 15 % os cionn na luachanna thuas, nó suas le 15 % faoina mbun, ag brath ar dhálaí ithreach agus aeráide.

Déantar 'Baldovská/Baldovská minerálna voda' a mhargú mar uisce mianraí súilíneach nádúrtha nó beagán aeraithe nó mar dheoch neamh-mheisciúil a tháirgtear trí bhlasanna éagsúla a chur le huisce mianraí: oráiste, seadóg, líomóid, silíní líomóide nó, i gcás torthaí andúchasacha, draigineog, cíobhánó agus líoma, pomaló.

Déantar an t-uisce mianraí a bhlaistiú le síoróip siúcra blaistithe a dhéantar as uisce óil, siúcra, aigéad citreach agus ceann de na blastáin a luadh roimhe. Is é an sóidiam a fhaightear go nádúrtha is cúis leis an gcion salainn.

Ós rud é nach n-úsáidtear oibreáin dathúcháin chun an t-uisce mianraí a bhlaistiú, tá dath soiléir ar an uisce mianraí nádúrtha agus ar na deochanna neamhalcólacha a dhéantar as uisce mianraí sna blasanna thuas. Is idir 5,5 agus 6,7 g in aghaidh an 100 ml atá an cion siúcra sna deochanna, is é sin idir 55 agus 67 g siúcra in aghaidh an lítir. Saintréith de gach cineál dí is ea na blasanna a úsáidtear agus is í an saintréith sin a thugann a ndea-bholadh agus a mblas do gach ceann díobh.

In 'Baldovská/Baldovská minerálna voda', tá dé-ocsaíd charbóin a fhaightear go nádúrtha agus a thagann ó phróisis gheolaíocha faoi thalamh. Tuaslagann an CO_2 san uisce agus é fós faoi thalamh, mar sin tá an t-uisce beagán súilíneach cheana féin nuair a thagann sé chun cinn ón bhfoinse amach. Féadfar an t-uisce a shaibhriú le dé-ocsaíd charbóin bhreise chun é a dhéanamh níos broidiúla, chun seilfré níos faide a thabhairt dó agus chun a bhlas a fheabhsú. Úsáidtear aerú saorga go príomha le haghaidh na n-athraitheach blaistithe, lena gcuirtear CO_2 ag ráta rialaithe 3,5 g/l.

Deoch neamhalcólach a dhéantar as uisce mianraí blaistithe — oráiste

Méid siúcra: 6,7 g/100 ml

Deoch neamhalcólach a dhéantar as uisce mianraí blaistithe — seadóg

Méid siúcra: 6,7 g/100 ml

Deoch neamhalcólach a dhéantar as uisce mianraí blaistithe — líomóid

Méid siúcra: 6,7 g/100 ml

Deoch neamhalcólach a dhéantar as uisce mianraí blaistithe — silín searbh agus líomóid

Méid siúcra: 5,5 g/100 ml

Deoch neamhalcólach a dhéantar as uisce mianraí blaistithe — draigineog

Méid siúcra: 6,7 g/100 ml

Deoch neamhalcólach a dhéantar as uisce mianraí blaistithe — cíobhánó agus líoma

Méid siúcra: 6,5 g/100 ml

Deoch neamhalcólach a dhéantar as uisce mianraí blaistithe — pomaló

Méid siúcra: 6,7 g/100 ml

4.3. *Maoluithe ar fhoinsiú beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch arna n-ainmniú le hainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint agus sa chás sin amháin) agus srianta ar fhoinsiú amhábhar (i gcás táirgí próiseáilte arna n-ainmniú le tásc geografach faoi chosaint agus sa chás sin amháin)*

Tagann toibreacha uisce mianraí chun cinn sa limistéar geografach lena mbaineann.

4.4. *Céimeanna sonracha sa táirgeadh nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Déantar an t-uisce mianraí 'Baldovská/Baldovská minerálna voda' a phumpáil go leanúnach isteach sa láithreán táirgthe trí phíopaí dáileacháin. Téann an t-uisce mianraí nádúrtha faoi phróiseas cóireála formheasta lena ndéantar an t-iarann a laghdú trí bhíthin teicneolaíocht ocsaídiúcháin údaraithe le haer saibhrithe ózóin, agus déantar é a scagadh ina dhiaidh sin. Tar éis scagacháin, is féidir an t-uisce mianraí blaistithe a bhlaistiú le ceann de na síoróipí siúcra dá dtagraítear i bpointe 4.2. Déantar an t-uisce mianraí nádúrtha nó blaistithe a chóireáil a thuilleadh ansin chun an dé-ocsaíd charbóin nádúrtha a thabhairt isteach arís sula ndéantar an buidéalú.

4.5. *Rialacha sonracha maidir le pacáistiú, sliseadh, grátáil etc. an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Déantar an t-uisce mianraí a bhuidéalú i bpacáistíocht díolacháin atá íon ó thaobh an tsláinteachais de trí bhíthin próiseas teicneolaíoch lena gcoinnítear amach aon éilliú mar gheall ar eilimintí nó substaintí coimhthíocha agus lena gcruthaítear lúb iata idir pointe soláthair an uisce agus an pointe a ndéantar é a bhuidéalú lena dhíol.

4.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

—

5. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Tá limistéar na bhfoinsí mianraí nádúrtha suite i gceantar Levoča i gcríocha cadastracha Baldovce, Bijacovce, Buglovce, Jablonov, Klčov, Lúčka, Nemešany, Oľšavica, Ordzovany, Pavľany, Spišské Podhradie agus Studenec, agus i gceantar Spišská Nová Ves i gcríoch chadastrach bhardas Žehra. Ó thaobh an riaracháin stáit de, is cuid de réigiún Prešov é.

6. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá an nasc cúisíoch bunaithe ar na dálaí ithreach agus aeráide sa limistéar geografach sainithe.

Sainiúlacht an limistéir gheografaigh

An fho-ithir timpeall Baldovce, cruthaíodh é as sraitheanna móra aolchloiche agus dolaimíte. Tá na carraigeacha sin lán cailciaim agus maignéisiaim, a scaoiltear go nádúrtha isteach sa screamhuisce. I limistéar Baldovce, tá scoilteanna le fáil ar fud screamh an domhain a ligeann do screamhuisce insíothlú go domhain faoi thalamh agus a éirí saibhir i mianraí agus i ndé-ocsaíd charbóin, rud a thugann a bhroidearnach nádúrtha agus a chomhdhéanamh sainiúil don uisce.

Tá aeráid ilchríochach mheasartha ag Baldovce. Bíonn an samhradh te gan a bheith thar a bheith te, ina mbíonn meánteochtaí idir 20 agus 25 °C, agus bíonn na geimhrí fuar, ina mbíonn meánteochtaí idir - 3 go - 5 °C. bíonn an t-aer an-bhogthais go háirithe i gcaitheamh mhíonna an earraigh agus an fhómhair, rud a théann chun sochair don fhásra agus do na foinsí faoi thalamh.

Tá ról tábhachtach ag an mbáisteach i bhfoirmiú uisce mianraí 'Baldovská/Baldovská minerálna voda'. Is idir 700 mm agus 900 mm a bhíonn meánmhéid bliantúil na báistí. Ionsúnn na hithreacha uisce ón mbáisteach agus scagann siad go mall í. Ina dhiaidh sin, téann sí isteach i sraitheanna geolaíocha níos doimhne. I gcaitheamh an ama sin, tuaslagtar mianraí san uisce, rud a mhéadaíonn a gcion mianraí. Bíonn tionchar ag an teocht agus ag an mbogthaise ar an ráta ionsuithe uisce isteach san fho-ithir. I limistéir fhuara amhail Baldovce, bíonn ráta galaithe níos moille ann, rud a chiallaíonn go dtéann níos mó frasaíochta isteach sa talamh agus go saibhríonn sé an screamhuisce. Le linn tréimhsí níos teo, éiríonn na próisis cheimiceacha níos gníomhaí, rud a fhágann go dtuaslagtar na mianraí níos tapúla. Ciallaíonn aeráid mheasartha an limistéir go mbíonn a chúltaiscí screamhuisce á n-athshlánú i gcónaí, rud a áirithíonn go bhfanann comhdhéanamh ceimiceach an uisce mianraí cobhsaí.

Tá comhdhéanamh geolaíoch éagsúil ag limistéir dhríodair chomharsanacha (gaineamhchloch, créchloch), a bhfuil tionchar indíreach aige ar an gcóras hidreolaíoch (draenáil, córais uisce báistí) agus nach gcruthaíonn na dálaí cearta chun foinsí an-mhianraithe den sórt sin a dhéanamh.

Na limistéir chosanta (tollphoill BV-1 (Baldovce II) agus B-4A (Pollux)), agus limistéar geografach iomlán an fhosaithe lena gcothaítear foinsí uisce mianraí nádúrtha 'Baldovská/Baldovská minerálna voda' á chur san áireamh, bunaíodh iad chun an imchuach sin a chosaint ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha, talmhaíochta agus eile a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh dá staid reatha, chomh maith le sreabhadh, comhdhéanamh ceimiceach eisceachtúil agus folláine na n-uiscí sin, chun a luachanna cáilíochtúla agus cainníochtúla agus a n-úsáid réasúnach a chaomhnú. Is ó fhoinsí nádúrtha atá an-chobhsaí ó thaobh a gcomhdhéanaimh de a fhaightear 'Baldovská/Baldovská minerálna voda'.

Na saintréithe sonracha 'Baldovská/Baldovská minerálna voda', cuirtear síos iad don timpeallacht ina síothlaíoann an t-uisce síos isteach sa talamh.

Is uisce measartha mianraithe é 'Baldovská/Baldovská minerálna voda', ina bhfuil cion mianrach tuaslagtha de thart ar 2 000 mg/l. An cineál sonrach atá ag an uisce mianraí seo, is ann dó mar gheall ar a chomhdhéanaimh chothroim mhianraigh, a charbónáitithe nádúrtha agus a chion suntasach hidrigincharbónáite. Tá neart maignéisiam agus cailciam ann. I gcomparáid le huiscí mianraí eile, tá cion sóidiam réasúnta íseal ann. Cuidíonn aigéadacht an uisce leis na carbónáití hidrigine a neodrú. Tá dé-ocsaíd charbóin nádúrtha ann.

Mar gheall ar a chomhdhéanamh mianraí, tá blas íogair, neodrach ar 'Baldovská/Baldovská minerálna voda' a idirdhealaíonn é ó uiscí mianraí a bhfuil cion sulfáite nó sóidiam níos airde iontu, a bhféadfadh blas goirt nó níos troime a chur orthu.

Ní úsáidtear oibreáin dathúcháin chun an t-uisce mianraí a bhlaistiú. I gcomparáid le deochanna eile atá milsithe le siúcra, níl méideanna móra siúcra, milseoirí ná comhábhar saorga eile sna huiscí mianraí blaistithe. Tugann siad bealach nua chun taitneamh a bhaint as uisce mianraí a bhfuil blas breise air agus, san am céanna, caomhnaíonn siad tairbhí mianracha an fhíoruisce.

Tráth a phacáistithe, féadfar an t-uisce a shaibhriú le dé-ocsaíd charbóin bhreise chun é a dhéanamh níos broidearnúla, chun seilfré níos faide a thabhairt dó agus chun a bhlas a fheabhsú. Úsáidtear aerú saorga go príomha le haghaidh na n-athraitheach blaistithe, lena gcuirtear CO_2 ag ráta rialaithe 3,5 g/l.

Nasc cúisíoch

Na dálaí geolaíocha i limistéar Baldovce, soláthraíonn siad a bhunmhianraí don uisce mianraí, go háirithe cailciam agus maignéisiam, a thagann ón gcarraig aolchloiche agus dholaimíte. Déanann na dálaí aeráide difear d'insreabhadh agus do scagadh na frasaíochta, arb í an phríomhfhoinse screamhuisce í. An aeráid shéimh thais, áirithíonn sí frasaíocht leordhóthanach agus frasaíocht a insíothlaíonn isteach sa talamh go mall, rud a fhágann go bhfuil an t-uisce in ann mianraí a ionsú. Cuidíonn dé-ocsaíd charbóin leis na mianraí a thuaslagadh, rud a mhéadaíonn cion mianraí foriomlán an uisce.

Is iad na tosca sonracha ithreach agus aeráide sa limistéar geografach sainithe a thugann a saintréithe sonracha do'Baldovská/Baldovská minerálna voda'.

Limistéar spá cáiliúil a bhí in Baldovce san am a chuaigh thart. Chomh luath le 1780, i saothar geografach seo mar seo a leanas a luigh Karl Gottlieb von Windisch é ‘i dteannta a spánna, tá cáil ar Baldovce freisin as a uisce súilíneach den scoth’. Chuir Augustín Rebro an méid sin i gcuimhne i leabhar uaidh in 1996 dar teideal *Vzácne a obdivované vody Slovenska* [Uiscí luachmhara na Slóvaice bhfuil ard-mheas orthu], ina ndúirt sé an méid a leanas: ‘Chuamar i muinín leigheasanna dí ansin freisin le linn leigheasanna teirmeacha’.

Chomh luath le tús an 19ú haois, bhí uisce mianraí ó fhoinsí d’uisce súilíneach á bhuidéalú agus á onnmhairiú ó Baldovce go dtí chomh fada i gcéin le Vín. Tháinig deireadh leis na gníomhaíochtaí spá tar éis an Dara Cogadh Domhanda, agus díríodh úsáid na bhfoinsí d’uisce súilíneach sin ar thráchtálú uisce mianraí. Cé go raibh daoine ag ól ‘Baldovská/Baldovská minerálna voda’ le fada, níor tógadh an chéad mhonarcha buidéalaithe go dtí na 1940idí.

Conradh an 19 Eanáir 1976 idir Poblacht Shóisialach na Seicslóvaice agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le tásca tionscnaimh, ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha eile a chosaint, Conradh an 20 Eanáir 1981 idir Poblacht Shóisialach na Seicslóvaice agus Poblacht na hOstaire maidir le tásca tionscnaimh, ainmniúcháin tionscnaimh agus ainmniúcháin eile táirgí talmhaíochta agus tionsclaíocha a thagraíonn do thionscnamh a chosaint, agus Comhaontú an 18 Bealtaine 1987 idir Rialtas Phoblacht Shóisialach na Seicslóvaice agus Rialtas Phoblacht na Portaingéile maidir le tásca tionscnaimh, ainmniúcháin tionscnaimh agus ainmniúcháin gheografacha agus chomhchosúla eile a chosaint.

Ó bhí an 22 Nollaig 1979 ann, tá an t-ainm ‘Baldovská minerálna voda’ á chosaint freisin mar ainmniúchán tionscnaimh ar an leibhéal náisiúnta faoi Ghníomh Uimh. 159/1973 maidir le hainmniúchán tionscnaimh a chosaint (*zákon č. 159/1973 Zb. o ochrane označení pôvodu výrobkov*).

Leanadh de bheith ag buidéalú an uisce mianraí i gcaitheamh na mblianta go dtí an lá atá inniu ann, mar a léirítear le tagairtí do ‘Baldovská’ sa phreas, lipéid ó réanna éagsúla, cuir i láthair ag imeachtaí agus taispeántais éagsúla agus na duaiseanna a bronnadh air. In 1983, mar shampla (de réir chartlanna Vychodoslovenské Žriedla [Foinse Thoir na Slóvaice], fiontar náisiúnta atá lonnaithe in Prešov ina bhfuil gléasra áitiúil in Baldovce), seoladh 30 971 000 buidéal uisce mianraí. Sháraigh an mhonarcha a curiarracht féin an bhliain dár gcionn, agus tháirg sé 32 010 000 buidéal an uair seo.

Bhuaigh ‘Baldovská/Baldovská minerálna voda’ duais óir i gcatagóir na n-uiscí mianraí aeraithe sa Taispeántas Idirnáisiúnta um Fhíon, Uisce agus Biotáillí VINIUM LAUGARICIO, a bhí ar siúl ón 1 go dtí an 2 Nollaig 2017 in Trenčín.

Tomhaltóirí na Slóvaice agus coiste saineolaithe ‘Brand Council’ [Comhairle Branda] an chláir Shlóvacaigh ‘Slovak Superbrands’, bhronn siad an duais ‘Slovak Superbrands Award’ [Gradam Scothbhrandaí na Slóivaice] ar ‘Baldovská’ den chéad uair in 2014, duais a bronnadh air arís gach bliain ó 2017 i leith. Dá bhrí sin, tá ‘Baldovská’ ina chuid de ghrúpa brandaí scothaicme ar samhlacha iad chun luach branda a fhorbairt agus a fheabhsú go leanúnach. Is deimhniú é an Gradam Scothbhrandaí ar cháilíocht táirge agus tugann sé inspioráid do thomhaltóirí agus cinntí laethúla á ndéanamh acu.

Tagairt d’fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://www.indprop.gov.sk/swift_data/source/pdf/specifikacie_op_oz/Baldovska_baldovska_mineralna_voda.pdf